GNÍOMH DAONLATHAIS

# Eagraigh comhairliúchán

**Snáithe 3: An daonlathas a fhiosrú**
Eagraigh comhairliúchán leis na scoláirí ar chúrsaí a bhfuil suim acu iontu

## Ábhair

- Taispeántas sleamhnán
- Bileog oibre 1: Déan anailís ar chruinniú de Choiste Oireachtais
- Bileog oibre 2: Déan anailís ar thuarascáil de chuid an Choiste Oireachtais
- Cuireadh chuig cruinniú de chuid an Choiste
- Teimpléad don ghlao ar aighneachtaí
- Teimpléad le haghaidh tuarascáil an Choiste

## Measúnú chun foghlama/Príomhscileanna

- Cumarsáid
- A bheith cruthaitheach
- Obair le daoine eile
- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú



# Réamhrá

Bain úsáid as an bpacáiste ceachta seo chun tabhairt faoi chomhairliúchán ar ábhar a bhfuil suim ag na scoláirí ann. Déantar aithris ar na comhairliúcháin a dtugann Coistí Oireachtais fúthu sa ghníomhaíocht seo.

Glacfaidh na scoláirí na róil seo a leanas:

- Comhaltaí an Choiste atá faoi threoir an Chathaoirligh
- Foireann an Choiste atá faoi threoir Chléireach an Choiste

Agus iad ag oibriú le chéile roghnóidh siad saincheist le hiniúchadh a dhéanamh uirthi, déanfaidh siad na páirtithe leasmhara in bhur scoil nó in bhur bpobal a shainaithint, rachaidh siad i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara agus scríobhfaidh siad tuarascáil ar an gcomhairliúchán.

D'fhéadfá saincheist a bhaineann le bhur scoil nó a bhfuil tionchar aici ar bhur gceantar áitiúil a roghnú.

D'fhéadfadh an rang oibriú le chéile chun tuarascáil amháin a réiteach, nó d'fhéadfaidís oibriú i ngrúpaí agus réiteodh gach grúpa tuarascáil ar leith.

# Forbairt

## 1 Roimh an gcomhairliúchán

### Tabhair tús eolais ar Choistí an Oireachtais

**SLEAMHNÁN 2**

Tabhair achoimre ghairid ar Choistí an Oireachtais:

- Cuireann Coistí an Oireachtais comhairle ar Thithe an Oireachtais maidir le raon réimsí.
- Bíonn Teachtaí Dála agus/nó Seanadóirí ina gcomhaltaí ar na coistí.
- Scrúdaíonn coistí caiteachas Rialtais agus déanann siad díospóireacht ar reachtaíocht bheartaithe chomh maith.
- Bíonn roinnt de na Coistí cosúil le Ranna Rialtais agus bunaítear cinn eile ar son sainchuspóra.

**SLEAMHNÁN 3**

Sampla de Choiste Oireachtais atá cosúil le Roinn Rialtais:

> Déanann an Coiste um Leanaí agus Gnóthaí Óige cúrsaí a bhaineann leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a bhreithniú agus tuairiscíonn sé orthu.

**SLEAMHNÁN 4**

Sampla de Choiste Oireachtais a bunaíodh ar son sainchuspóra:

> Bunaíodh an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide go speisialta chun breithniú a dhéanamh ar an tríú tuarascáil agus na moltaí ón Tionól Saoránach dar teideal 'Conas is féidir leis an Stát a chinntiú go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic leis an Athrú Aeráide'.

## Roghnaigh an tsaincheist is mian leat a phlé

### SLEAMHNÁN 5

Ar cheann de na poist a bhíonn ag Coistí Oireachtais, caithfidh siad **comhairliúcháin** a reáchtáil ar shaincheist ar leith agus **moltaí** ar a shon a dhéanamh don Aire Rialtais cuí.

Roghnaigh saincheist a bhfuil suim ag na scoláirí inti.

Seo roinnt moltaí duit:

- Ar cheart deireadh a chur le héide scoile sa scoil seo?
- Ar cheart cosc a chur ar fhóin chliste i gclós na scoile?
- Cé chomh mór is atá fadhb na bulaíochta inár scoil agus cén gníomh ba cheart don scoil a ghlacadh chun dul i ngleic léi?
- An bhfuil táillí/ranníocaíocht shaorálach na scoile cuí agus ar cheart iad a mhéadú, a laghdú, deireadh a chur leo?
- Cé mhéad a chuireann an scoil leis an bpobal áitiúil agus cén chaoi a bhféadfaimis ní ba mhó a dhéanamh?

Tabhair samplaí de shaincheisteanna a d'fhiosraigh Coistí:

- Cannaibionóidigh Mhíochaine
- Cibearshlándáil do leanaí agus d'aosaigh óga
- An ceart chun bás dínitiúil a fháil
- Dul i ngleic le hotracht óige
- Gníomhú ar son na haeráide
- Bia sláintiúil i scoileanna

## Sainaithin na páirtithe leasmhara

### SLEAMHNÁN 6

Is daoine a mbíonn **tionchar** ag an tsaincheist orthu nó a bhfuil **suim** acu sa tsaincheist iad na páirtithe leasmhara.

Shainaithin an Coiste um Shláinte na páirtithe leasmhara seo a leanas nuair a reáchtáil sé comhairliúchán ar channaibionóidigh mhíochaine:

- Dochtúirí a oibríonn don Údarás Rialála Táirgí Sláinte
- Néareolaí ó Ospidéal Naomh Séamas
- Máthar linbh a bhfuil cineál titimis air a bhféadfaí cóir leighis a chur air le cannaibionóidigh mhíochaine

**SLEAMHNÁN 7**

Tá na páirtithe leasmhara seo a leanas i measc na gceann a d'fhéadfadh na scoláirí a shainaithint:

- Comhairle mac léinn
- Bainistíocht scoile
- Tuismitheoirí
- Múinteoirí
- Eagraíochtaí pobail
- Cónaitheoirí áitiúla
- Comhairleoirí áitiúla

## Déan plé ar an mbealach a dtabharfaidh sibh faoin gcomhairliúchán

**SLEAMHNÁN 8**

Roghnaigh roinnt bealaí chun an tsaincheist a fhiosrú:

- Léigh faoin tsaincheist
- Iarr ar dhaoine áirithe aighneachtaí scríofa a chur isteach, e.g. na scoláirí uile
- Téigh ar chuairt faisnéise, cuir i gcás chuig scoil inar féidir leis na scoláirí a n-éadaí féin a chaitheamh
- Tabhair cuireadh d'ionadaithe na bpáirtithe leasmhara, cuir i gcás, cathaoirleach chumann na múinteoirí agus na dtuismitheoirí, freastal ar chruinniú de chuid an Choiste

Rinne an Coiste Leanaí agus Gnóthaí Óige na rudaí seo a leanas nuair a reáchtáil sé comhairliúchán ar an mbealach le dul i ngleic le hotracht i measc leanaí:

- Chuathas i gcomhairle taighde ar an tsaincheist, lena n-áiríodh an staidéar **Growing up in Ireland**
- Tugadh cuireadh don phobal aighneachtaí scríofa a chur isteach
- Reáchtáladh 12 chruinniú leis na páirtithe leasmhara

## Déan cinneadh maidir leis an gcineál aschuir a bheidh agat

**SLEAMHNÁN 9**

Scríobhann Coistí **tuarascáil** de ghnáth ina gcumhdaítear na míreanna seo a leanas:

- An tsaincheist agus an chúis a bhí leis an bhfiosrúchán
- An bealach ar tugadh faoin gcomhairliúchán
- Na daoine a ndeachaigh an Coiste i dteagmháil leo agus na tuairimí a nochtaigh siad
- Conclúidí an Choiste faoin tsaincheist
- Moltaí don Rialtas faoin ngníomh ba cheart dó a ghlacadh

## Róil a thabhairt amach

### SLEAMHNÁN 10

- Pioc roinnt scoláirí le bheith mar **chomhaltaí** den Choiste agus scoláirí eile le bheith mar **fhoireann**.
- Ceap duine amháin de chomhaltaí an Choiste le bheith ina **Chathaoirleach** ar an gCoiste.
- Ceap duine amháin d'fhoireann an Choiste le bheith ina **Chléireach** don Choiste.

**Tabhair faoi deara** D'fhéadfá cead a thabhairt do na scoláirí cinneadh a dhéanamh iad féin faoi cé a ghlacfaidh na róil seo agus cead a thabhairt do chomhaltaí an Choiste an Cathaoirleach a thoghadh.

## Reáchtáil cruinniú tosaigh an Choiste

### SLEAMHNÁN 11

Reáchtáil cruinniú tosaigh chun **plean mionsonraithe** a leagan amach don chomhairliúchán.

**Tabhair faoi deara:** Cuidíonn sé leis an gCoiste díriú ar an tsaincheist shonraithe amháin, agus ní ar saincheisteanna eile, san fhiosrúchán nuair a dhéantar scóip an chomhairliúcháin a shainiú.

### SLEAMHNÁN 12

Glaonn an Cathaoirleach an cruinniú chun oird agus treoraíonn sé an Coiste chun teacht ar chomhaontú foirmiúil ina sonraítear na rudaí seo a leanas:

- Cad is mian leis an gCoiste a fháil amach
- Cé hiad na páirtithe leasmhara
- Cad iad na modhanna a úsáidfidh an Coiste
- Cathain atáthar ag súil leis an gcomhairliúchán a chur i gcrích agus an tuarascáil a fhoilsiú

Coinníonn an Cléireach agus an fhoireann taifead ar na cinntí seo.

## Obair baile

Sann cruinniú Coiste do gach Comhalta Coiste ag úsáid na **Samplaí de Chomhairliúcháin Choiste** (féach ar leathanach 9) agus iarr air **Bileog Oibre 1** (féach ar leathanach 10) a chomhlánú.

Sann tuarascáil ó Choiste do gach duine de na baill foirne ag úsáid na **Samplaí de Chomhairliúcháin Choiste** (féach ar leathanach 9) agus iarr orthu **Bileog Oibre 2** (féach ar leathanach 11) a chomhlánú.

**Tabhair faoi deara:** Cuirtear rogha comhairliúchán Coistí ar ábhair éagsúla ar fáil sna Samplaí de chomhairliúcháin Choiste. Roghnaigh sampla amháin, nó níos mó, atá oiriúnach do do rang nó féach ar an rannóg 'Coistí' ar shuíomh gréasáin Thithe an Oireachtais chun tuilleadh samplaí a aimsiú.

## 2 An Comhairliúchán

Agus an tsaincheist agus na páirtithe leasmhara roghnaithe, cinntí maidir leis na modhanna a úsáidfear agus amlíne socraithe ag an gCoiste, tá do rang réidh le tabhairt faoin gcomhairliúchán anois. Tabhair am do na grúpaí éagsúla scoláirí leis na tascanna seo a leanas a dhéanamh.

**An Cléireach don Choiste:**

- tugann sé cuireadh do na páirtithe leasmhara freastal ar chruinniú de chuid an Choiste ag úsáid an **Teimpléid do chuireadh chuig cruinniú de chuid an Choiste** (féach ar leathanach 12)
- foilseoidh sé glao oscailte ar aighneachtaí scríofa, más gá, ag úsáid an **Teimpléid don ghlao ar aighneachtaí** (féach ar leathanach 13)

**Tabhair faoi deara:** Tugtar "finnéithe" ar na páirtithe leasmhara a fhreastalaíonn ar chruinnithe de chuid an Choiste. De ghnáth, iarrann an Cléireach orthu aighneacht scríofa a réiteach mar aon le ráiteas tosaigh ina dtugtar achoimriú ar a dtuairimí faoin tsaincheist atá á plé ag an gCoiste, léifidh na finnéithe na ráitis sin ag tús an chruinnithe ansin. Féadfar na haighneachtaí scríofa agus na ráitis tosaigh a chur leis an tuarascáil.

**Foireann an Choiste:**

- taighde a dhéanamh ar an tsaincheist agus bileoga treorach a ullmhú do chomhaltaí an Choiste
- cuidiú leis an gCléireach leis an gcomhfhreagras

**Cathaoirleach an Choiste:**

- iarrann sé ar an bhfoireann taighde a dhéanamh ar ghnéithe sonracha a bhaineann leis an tsaincheist
- eagraíonn sé cuairt faisnéise, más gá

**Comhaltaí an Choiste, lena n-áirítear an Cathaoirleach:**

- na bileoga treorach a chuireann an fhoireann ar fáil a léamh
- aighneachtaí scríofa ó fhinnéithe a léamh, má tá aighneachtaí ann
- dul ar an gcuairt faisnéise, más gá

### Reáchtáil cruinniú Coiste amháin ar a laghad leis na finnéithe

**Tabhair faoi deara:** Ná déan dearmad gurb ionsamhlú amháin ar chruinniú de choiste Oireachtais é seo. Cé go bhfuil struchtúr leis, ní gá go mbeadh sé rófhoirmiúil.

**Roimh an gcruinniú:**

- Socraíonn foireann an Choiste an seomra cruinnithe le bord amháin agus cathaoir le haghaidh gach duine de na comhaltaí agus de na finnéithe agus iad i gciorcal nó i gcruth U, mar aon le suíocháin don fhoireann a bhreathnaíonn ar an gcruinniú.
- Cuireann an Cléireach fáilte roimh na finnéithe agus bailíonn sé cóipeanna dá ráitis tosaigh.
- Ullmhaíonn Comhaltaí an Choiste a gceisteanna.

**Ag an gcruinniú:**

- Glaonn an Cathaoirleach an cruinniú chun oird agus cuireann sé fáilte roimh na finnéithe.
- Suíonn an Cléireach taobh leis an gCathaoirleach agus cuidíonn sé leis ach ní labhraíonn sé ag an gcruinniú.
- Glaonn an Cathaoirleach ar gach duine de na finnéithe le ráiteas tosaigh a dhéanamh agus iarrann sé orthu críoch a chur leis nuair atá an t-am a sannadh dóibh caite.
- Glaonn an Cathaoirleach ar gach duine de na Comhaltaí ceisteanna a chur ar na finnéithe agus iarrann sé orthu críoch a chur leis nuair atá an t-am a sannadh dóibh caite (féadfaidh leis an gCathaoirleach ceisteanna a chur freisin).
- Glacann an fhoireann agus na Comhaltaí nótaí mionsonraithe ar fhreagraí na bhfinnéithe.
- Gabhann an Cathaoirleach buíochas leis na finnéithe agus cuireann sé an cruinniú ar atráth.

## 3 An Tuarascáil

### Déanann Comhaltaí an Choiste cinneadh maidir lena gconclúidí

Breithníonn Comhaltaí an Choiste an fhianaise uile a bhailigh siad: taighde, aighneachtaí, ráitis tosaigh agus an plé a rinneadh leis na finnéithe.

Reáchtálann an Coiste cruinniú le teacht ar chomhaontú maidir lena gconclúidí. Déanann siad cinneadh maidir leis na gníomhaíochtaí a mholfaidh siad don scoil freisin.

### Oibríonn Foireann agus Comhaltaí an Choiste le chéile chun an tuarascáil a chur le chéile

Breathnaigh ar roinnt tuarascálacha ó Choistí de chuid an Oireachtais (féach ar leathanach 9). Níl ort na tuarascálacha uile a léamh, ach tabharfaidh siad blaiseadh duit ar cad ba cheart a bheith i do thuarascáil féin.

Is féidir leat an Teimpléad le haghaidh tuarascáil an Choiste (féach ar leathanach 14) a úsáid chun struchtúr a chur le do thuarascáil féin.

### Foilsíonn an Coiste an tuarascáil agus seoltar cóipeanna chuig na páirtithe leasmhara

B'fhéidir go ndéanfaidh an Coiste iarracht an tuarascáil a phoibliú trí imeacht seolta a eagrú.

## * Conclúid

Pléigh an próiseas comhairliúcháin leis an rang.

- Céard a cheapann siad faoin gcaoi ar éirigh leis an gcomhairliúchán?
- Céard a d'athróidís dá mbeidís chun tabhairt faoi chomhairliúchán arís?
- Cé chomh deacair a bhí sé ar Chomhaltaí an Choiste teacht ar chomhaontú faoi na conclúidí agus na moltaí?
- Cé chomh háisiúil a cheapann siad atá córas Coistí an Oireachtais?
- Cad iad na saincheisteanna is mian leo go bhfiosródh Coiste Oireachtais?

# Samplaí de thuarascálacha agus de chruinnithe Coistí

1. **An Coiste um Oideachas agus Scileanna - Tuarascáil maidir le dul i ngleic leis an murtall agus le bia sláintiúil a chur chun cinn sna scoileanna**

   **Cruinniú**
   www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/joint_committee_on_education_and_skills/2017-10-24

   **Tuarascáil**
   data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/32/joint_committee_on_education_and_skills/reports/2018/2018-07-11_report-on-tackling-of-obesity-and-the-promotion-of-healthy-eating-in-schools_en.pdf

---

2. **An Coiste um Oideachas agus Scileanna - Éisteachtaí i ndáil le Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna a Ghlacadh**

   **Cruinniú**
   www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/joint_committee_on_education_and_skills/2018-11-15

   **Tuarascáil**
   data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/32/joint_committee_on_education_and_skills/reports/2019/2019-09-25_report-on-hearings-relating-to-the-uptake-of-apprenticeships-and-traineeships_en.pdf

---

3. **An Coiste um Shláinte - Tuarascáil maidir le Cannaibionóideacha Íocshláinte a dhéanamh dleathach**

   **Cruinniú**
   www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/joint_committee_on_health/2016-11-24

   **Tuarascáil**
   data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/32/joint_committee_on_health/reports/2017/2017-01-20_report-on-medicinal-cannabinoids_en.pdf

---

4. **An Coiste um Leanaí agus Gnóthaí Óige - an Cibearshlándáil do Leanaí agus d'Aosaigh Óga**

   **Cruinniú**
   www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/joint_committee_on_children_and_youth_affairs/2017-12-06

   **Tuarascáil**
   data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/32/joint_committee_on_children_and_youth_affairs/reports/2018/2018-03-29_report-on-cyber-security-for-children-and-young-adults_en.pdf

---

5. **An Coiste um Leanaí agus Gnóthaí Óige - Ag dul i ngleic le hotracht óige**

   **Cruinniú**
   www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/joint_committee_on_children_and_youth_affairs/2018-07-11

   **Tuarascáil**
   data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/32/select_committee_on_children_and_youth_affairs/reports/2018/2018-11-14_report-on-tackling-childhood-obesity_en.pdf

---

6. **An Coiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas - An ceart chun bás dínitiúil a fháil**

   **Cruinniú**
   www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/joint_committee_on_justice_and_equality/2017-11-22

   **Tuarascáil**
   data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/32/joint_committee_on_justice_and_equality/reports/2018/2018-06-25_report-on-the-right-to-die-with-dignity_en.pdf

# Bileog oibre 1: Déan anailís ar chruinniú de Choiste Oireachtais

Freagair na ceisteanna seo a leanas ag úsáid an fhíseáin agus na tras-scríbhinne scríofa den chruinniú Coiste a sannadh duit. B'fhéidir gur mhaith leat breathnú ar chuid den chruinniú agus scrollú tríd an tras-scríbhinn chun an fhaisnéis atá uait a aimsiú. Níl ort breathnú ar an bhfíseán iomlán ná an cruinniú iomlán a léamh.

| | |
|---|---|
| Ainm an Choiste | |
| An t-ábhar a phléifear | |

**Tabhair sonraí triúr de chomhaltaí an Choiste a bhí i láthair ag an gcruinniú**

| | Ainm | Páirtí |
|---|---|---|
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |

**Tabhair sonraí triúr de na finnéithe a bhí i láthair ag an gcruinniú**

| | Ainm | Eagraíocht | An fáth ar thug an Coiste cuireadh dóibh, i mo thuairim féin |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |

**Tabhair breac-chuntas ar thrí phointe a rinne na finnéithe le linn an chruinnithe**

| | | |
|---|---|---|
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |

**Tabhair trí cheist a chuir Comhaltaí an Choiste**

| | Comhalta | Ceist |
|---|---|---|
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |

# Bileog oibre 2: Déan anailís ar thuarascáil de chuid an Choiste Oireachtais

Freagair na ceisteanna seo a leanas ag úsáid na tuarascála ar leith de chuid an Choiste a sannadh duit. Níl ort an tuarascáil iomlán a léamh.

| | |
|---|---|
| Ainm an Choiste | |
| An t-ábhar a phléifear | |

**Tabhair cúis amháin ar chinn an Coiste comhairliúchán a reáchtáil ar an ábhar seo**

| |
|---|
| |

**Tabhair sonraí triúr páirtithe leasmhara a sainaithníodh sa tuarascáil**

| | Ainm | Eagraíocht | An fáth ar shainaithin an Coiste páirtí seo mar pháirtí leasmhara, i mo thuairim féin |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |

**Tabhair trí mholadh a dhéanann an Coiste sa tuarascáil**

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

**Tabhair breac-chuntas ar trí fhíric a d'fhoghlaim tú ón tuarascáil**

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

# Teimpléad do chuireadh chuig cruinniú de chuid an Choiste

**Cuireadh chun aighneacht scríofa a chur isteach agus chun freastal ar chruinniú**

<TEIDEAL AN CHOISTE>

<SEOLADH>

<UIMHIR GHUTHÁIN>

<SEOLADH RÍOMHPHOIST>

<DÁTA>

A __________, a chara,

Tugann an Coiste um _____________ cuireadh duit nó d'ionadaí ó d'eagraíocht **freastal ar chruinniú** den Choiste chun cúrsaí a bhaineann le __________ a phlé.

Beidh an cruinniú ar siúl ar an <am agus dáta> i <suíomh>.

Tugadh cuireadh do ____________ le freastal ar an gcruinniú seo freisin.

Iarrfar ort ráiteas tosaigh a dhéanamh ar an ábhar ag an gcruinniú, níor cheart go mairfeadh an ráiteas sin níos mó ná __ nóiméad agus cuirfidh Comhaltaí an Choiste ceisteanna ort i ndiaidh duit an ráiteas a thabhairt.

Iarrtar ort **aighneacht scríofa** a dhéanamh ar an ábhar freisin agus déanfaidh an Coiste an aighneacht sin a scrúdú mar chuid dá chomhairliúchán ar an ábhar.

Deimhnigh go mbeidh tú in ann freastail ar an gcruinniú i ríomhphost chuig ____________ a luaithe agus is féidir. Sonraigh ainmneacha agus teidil daoine eile ó d'eagraíocht ar mian leo freastal ar an gcruinniú freisin.

Seol cóip de d'aighneacht scríofa mar aon le cóip de do ráiteas tosaigh i ríomhphost chuig __________ roimh an gcruinniú.

D'fhéadfadh sé go gcuirfí an t-ábhar a chuireann tú ar fáil san áireamh i dtuarascáil an Choiste faoin ábhar.

Le dea-mhéin,

______________________

Cléireach don Choiste

# Teimpléad don ghlao ar aighneachtaí

**Glao ar aighneachtaí scríofa maidir le __________**

Iarrann an Coiste um __________ aighneachtaí i scríbhinn maidir le __________________ ó ghrúpaí nó ó dhaoine aonair a bhfuil suim acu san ábhar.

Breithneoidh an Coiste aon aighneachtaí oiriúnacha i scríbhinn a fhaightear agus d'fhéadfadh sé a chinneadh cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe chuig éisteachtaí poiblí.

**Spriocdháta**
Is é ________________ an spriocdháta chun aighneachtaí a fháil.

**Conas d'aighneacht a chur isteach**
Seol doiciméad leictreonach chuig an gCléireach don Choiste ag ____________________.

**A bhfuil le cur san áireamh i d'aighneacht**
Ba chóir go mbeadh an **doiciméad aighneachta** san aighneacht mar aon le **litir chumhdaigh ar leith**.

Bíodh an méid seo a leanas san áireamh sa litir chumhdaigh:

- d'ainm, do sheoladh poist, do sheoladh ríomhphoist agus d'uimhir ghutháin theagmhála
- má tá an aighneacht á déanamh ar son eagraíochta, an post atá agat san eagraíocht sin
- achoimre ghairid ar an bhfáth a bhfuil an aighneacht á déanamh agat
- a chur in iúl cibé an mbeifeá sásta a bheith i láthair i seisiún poiblí ag cruinniú Coiste nó nach mbeadh

Bíodh an méid seo a leanas sa doiciméad aighneachta:

- réamhrá gairid, mar shampla, míniú ar do réimse saineolais
- aon fhaisnéis fhíorasach atá agat óna bhféadfadh an coiste teacht ar chonclúidí, nó a d'fhéadfaí a chur chuig páirtithe eile lena dtuairimí siúd a fháil
- aon mholtaí don choiste; bí chomh sonrach agus is féidir agus déan achoimre ar do chuid moltaí ag deireadh an doiciméid

Ná dearmad uimhreacha a chur ar na leathanaigh.

D'fhéadfadh sé go gcuirfí d'aighneacht san áireamh i dtuarascáil an Choiste faoin ábhar.

# Teimpléad le haghaidh tuarascáil an Choiste

| | | |
|---|---|---|
| **An leathanach tosaigh** | Áirigh: | Ainm/lógó na scoile |
| | | Ainm an choiste |
| | | Teideal na tuarascála |
| | | An dáta foilseacháin |

| | |
|---|---|
| **An Clár Ábhar** | Liostaigh clár na n-ábhar agus uimhreacha na leathanach. |

| | |
|---|---|
| **Brollach ón gCathaoirleach** | Ráiteas ginearálta ón gCathaoirleach faoi chúlra an chomhairliúchán, faoi thábhacht na tuarascála agus faoi mhianta an Choiste maidir le gníomh ar an ábhar amach anseo. D'fhéadfadh an Cathaoirleach buíochas a ghabháil leis na rannpháirtithe freisin. |

| | | |
|---|---|---|
| **Réamhrá** | D'fhéadfaí an méid seo a leanas a chuimsiú: | An fáth ar thug an Coiste faoin gcomhairliúchán |
| | | Breac-chuntas ar staid reatha an ábhair |
| | | Achoimre ar chomhairliúchán an Choiste faoin ábhar |

| | | |
|---|---|---|
| **Cur agus cúiteamh leis na páirtithe leasmhara** | Liostaigh: | Na dátaí ar ar fhreastail finnéithe ar chruinnithe de chuid an Choiste |
| | | Na haighneachtaí scríofa a fuarthas ón bpobal |
| | | Dátaí agus suíomhanna na gcuairteanna faisnéise |

| | | |
|---|---|---|
| **Plé** | D'fhéadfaí an méid seo a leanas a chuimsiú: | Staid reatha an ábhair |
| | | Comparáid le scoileanna/ceantair/tíortha eile |
| | | Achoimre ar an taighde a rinneadh faoin ábhar |
| | | Achoimre ar an bplé leis na páirtithe leasmhara |
| | | Má tá an comhairliúchán bunaithe ar thogra chun beartas a athrú, d'fhéadfá argóintí ar son agus i gcoinne an athraithe a chur san áireamh |

| | |
|---|---|
| **Moltaí** | Liostaigh moltaí an Choiste maidir le gníomh ar an tsaincheist. |

| | | |
|---|---|---|
| **Aguisíní** | Comhaltas an choiste | Liosta de Chomhaltaí an Choiste. |
| | Páirtithe leasmhara | Liosta de na páirtithe leasmhara. |
| | Ráitis oscailte | Cuir cóipeanna de na ráitis tosaigh a thug na finnéithe a d'fhreastail ar chruinnithe de chuid an Choiste ar fáil. |
| | Aighneachtaí scríofa | Cuir cóipeanna de na haighneachtaí scríofa a fuarthas ar fáil. |